# TREOIR (AE) 2017/2110 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Samhain 2017**

**maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Téann dlí an Aontais maidir le córas suirbhéanna sainordaitheacha d'oibriú sábháilte seirbhísí rialta long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais siar go dtí 1999. Is gá anois an dlí sin a thabhairt cothrom le dáta chun go gcuirfear an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme an chórais maidir le rialú Stáit ar chalafoirt a chuirtear ar bun le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) san áireamh mar aon leis an taithí a fuarthas le linn oibriú Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt, a síníodh i bPáras ar an 26 Eanáir 1982.

(2) Le seiceáil oiriúnachta an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) léirítear go raibh leibhéal coiteann sábháilteachta do longa paisinéirí san Aontas mar thoradh ar chreat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht long paisinéirí. Ina theannta sin, léiríonn sí, de réir mar a tháinig forbairt le himeacht ama ar dhlí an Aontais maidir le sábháilteacht paisinéirí mar fhreagairt ar éilimh agus cásanna éagsúla, go bhfuil leibhéal áirithe forluí agus dúblála ann a bhféadfar, agus ar cheart, é a shruthlíniú agus a shimpliú chun an t-ualach riaracháin ar úinéirí long a laghdú agus chun an iarracht atá ag teastáil ó riaracháin mhuirí na mBallstáit a chuíchóiriú.

(3) Déanann formhór na mBallstát, más féidir, suirbhéanna sainordaitheacha le haghaidh oibriú sábháilte long paisinéirí róró rialta a chur i dteannta cineálacha eile suirbhéanna agus cigireachtaí, amhail suirbhéanna Bratstáit agus cigireachtaí maidir le rialú Stáit ar chalafoirt. Chun laghdú breise a dhéanamh ar an iarracht chigireachta agus an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an am inar féidir leas tráchtála a bhaint as an long nó as an árthach, le linn ardchaighdeáin sábháilteachta a áirithiú, ba cheart soithí atá faoi réir cigireachtaí maidir le rialú Stáit ar chalafoirt a aistriú dá bharr ionas go dtagann siad faoi raon feidhme Threoir 2009/16/CE. Ba cheart raon feidhme na Treorach seo a theorannú do longa a sholáthraíonn seirbhísí rialta long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais idir calafoirt laistigh de Bhallstát nó idir calafort i mBallstát agus calafort i dtríú tír i gcás inarb ionann bratach an tsoithigh agus bratach an Bhallstáit i gceist. Maidir le soithí ar a gcuirtear seirbhísí rialta long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais idir Ballstát agus tríú tír i gcrích, ba cheart feidhm a bheith ag Treoir 2009/16/CE más rud é nach ionann an bratach agus bratach an Bhallstáit i gceist.

(4) I dTreoir 1999/35/CE ón gComhairle ([4]), tugadh isteach an coincheap a bhaineann leis an "Stát óstach" chun comhar le tríú tíortha a éascú roimh mhéadú an Aontais in 2004. Níl an coincheap ábhartha a thuilleadh agus dá bharr sin, ba cheart é a bhaint.

([1]) IO C 34, 2.2.2017, lch. 176.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2017.
([3]) Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).
([4]) Treoir 1999/35/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le córas suirbhéanna sainordaitheacha d'oibriú sábháilte seirbhísí rialta farantóireachta róró agus árthaí paisinéirí ardluais (IO L 138, 1.6.1999, lch. 1).

(5) Foráladh i dTreoir 1999/35/CE gur gá do na Stáit óstacha suirbhé sonrach agus suirbhé le linn seirbhís rialta a chur i gcrích uair amháin i ngach tréimhse 12 mhí. Cé gurbh é cuspóir an cheanglais sin a áirithiú go gcuirfí an dá chigireacht sin i gcrích agus tréimhse leordhóthanach eatarthu, léirigh seiceáil oiriúnachta REFIT nach mar sin a ghabhann i gcónaí. Chun an córas cigireachta a shoiléiriú agus creat comhchuibhithe cigireachta a áirithiú lena n-áirithítear ardleibhéal sábháilteachta, agus comhriachtanais na seirbhísí paisinéirí a chur san áireamh, ba cheart a shoiléiriú gur cheart an dá chigireacht bhliantúla a dhéanamh le linn tréimhsí rialta ionann agus 6mhí. Má tá an soitheach i seirbhís ba cheart tréimhse nach gairide ná ceithre mhí agus nach faide ná 8 mí a bheith idir na cigireachtaí comhleanúnacha sin, ar choinníoll go bhfuil an soitheach i seirbhís.

(6) I dTreoir 1999/35/CE, tagraítear do "suirbhéanna" seachas "cigireachtaí". Úsáidtear an focal suirbhé i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta chun oibleagáid Bratstát a léiriú, ar oibleagáid í a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar longa do chomhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta agus deimhnithe a eisiúint nó a athnuachan, i gcás inarb ábhartha. Mar sin féin, ní féidir a mheas gur suirbhé é an córas cigireachta speisialta do longa paisinéirí róró agus d'árthaí paisinéirí ardluais ar sheirbhís rialta agus ní deimhnithe muiracmhainneachta iad na foirmeacha cigireachta ábhartha, ná ní féidir a mheas gurb ea. Dá bhrí sin, ba cheart an téarma "cigireacht" a chur in ionad "suirbhé" agus tagairt á déanamh do shuirbhéanna sonracha dá bhforáiltear faoi láthair i dTreoir 1999/35/CE.

(7) I bhfianaise a bpróifíl riosca sonrach, ba cheart cigireacht rialta a dhéanamh ar longa paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais mar ábhar tosaíochta. Ba cheart aon chigireachtaí a dhéantar ar longa paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/16/CE a chur san áireamh sa líon iomlán cigireachtaí bliantúla a dhéanann gach Ballstát.

(8) Costais a bhaineann le cigireachtaí as a leanann toirmeasc ar imeacht soithí, ba cheart don chuideachta iad a íoc.

(9) Chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus taithí atá faighte a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar na hionstraimí idirnáisiúnta a eisiamh ó chur i bhfeidhm na Treorach seo más gá agus na ceanglais theicniúla a nuashonrú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([1]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin atá ag déileáil le gníomhartha tarmligthe a ullmhú.

(10) Ba cheart leasú a dhéanamh ar Threoir 2009/16/CE chun a áirithiú go gcaomhnófar ábhar agus minicíocht cigireachtaí ar longa paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais. Dá bharr sin, ba cheart forálacha sonracha do chigireachtaí agus d'fhiorúcháin ar longa paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais ar sheirbhís rialta atá incháilithe do rialú Stáit ar chalafoirt a thabhairt isteach i dTreoir 2009/16/CE.

(11) Nuair a dhéantar cigireachtaí faoi Threoir 2009/16/CE, ba cheart gach iarracht is féidir a dhéanamh chun a áirithiú nach gcoinneofaí long go míchuí ná nach gcuirfí moill mhíchuí uirthi.

(12) Tá sé tábhachtach na dálaí oibre agus maireachtála an chriú ar bord a chur san áireamh mar aon leis an oiliúint agus le cáilíochtaí an chriú, ós rud é go bhfuil ceisteanna sláinte, sábháilteachta agus sóisialta fite fuaite ina chéile.

(13) I bhfianaise thimthriall faireacháin iomlán chuairteanna na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí, ba cheart don Choimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná 7 mbliana tar éis an spriocdháta chun an Treoir seo a thrasuí agus tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis sin. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú don mheastóireacht sin.

(14) Ionas nach gcuirfí ualach díréireach riaracháin ar Bhallstáit thalamhiata, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sin, trí riail *de minimis* maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach seo, rud a fhágann nach bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit sin an Treoir seo a thrasuí, fad a chomhlíonann siad critéir áirithe.

(15) Ós rud é nach bhféadfaidh na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, is é sin oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta a áirithiú, i bhfianaise ghné an mhargaidh inmheánaigh a bhaineann le hiompar paisinéirí muirí agus chineál trasteorann oibriú na long agus na

([1]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

n-árthaí sin san Aontas agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais trí leibhéal coiteann sábháilteachta a bhunú agus saobhadh ar iomaíocht a sheachaint, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(16) Chun méadú ar an tsoiléire agus ar an gcomhleanúnachas ó thaobh an dlí de, agus i bhfianaise líon na leasuithe lena mbaineann, ba cheart Treoir 1999/35/CE a aisghairm agus Treoir 2009/16/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais a oibrítear:

(a) ar sheirbhís rialta idir calafort de chuid Ballstáit agus calafort i dtríú tír i gcás inarb ionann bratach an tsoithigh agus bratach an Bhallstáit i gceist; nó

(b) ar sheirbhís rialta ar thurais intíre i limistéir farraige ina bhféadfar longa Aicme A a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Theoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le longa paisinéirí róró ná árthaí paisinéirí ardluais a thagann faoi Threoir 2009/16/CE.

3. Féadfaidh na Ballstáit an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais a oibrítear ar sheirbhís rialta ar thurais intíre i limistéir farraige seachas na cinn dá dtagraítear in mír 1(b).

4. Maidir le Ballstáit nach bhfuil calafoirt acu agus atá in ann a fhíorú gur longa paisinéirí nó árthaí paisinéirí ardluais a chumhdaítear leis an Treoir seo líon is lú ná 5 % den líon iomlán soithí aonair a stad go bliantúil ag a gcalafoirt abhann le linn na dtrí bliana roimhe sin, féadfaidh siad maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach seo seachas an oibleagáid a leagtar amach sa dara fomhír.

Déanfaidh na Ballstáit sin nach bhfuil calafoirt acu a chur in iúl don Choimisiún faoin 21 Nollaig 2019 an líon iomlán soithí agus an líon long paisinéirí agus árthaí paisinéirí ardluais a stad ag a gcalafoirt le linn na tréimhse 3bliana dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas go bliantúil faoi aon athrú a dhéanfar ar na figiúirí thuasluaite ina dhiaidh sin.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "long paisinéirí róró" long ina bhfuil saoráidí chun a chur ar chumas feithiclí bóthair nó iarnróid rolladh ar an soitheach agus rolladh as, agus ina n-iompraítear breis agus 12 phaisinéir;

(2) ciallaíonn "árthach paisinéirí ardluais" árthach mar a shainmhínítear i Rialachán 1 de Chaibidil X de Choinbhinsiún SOLAS 74, agus ina n-iompraítear breis agus 12 phaisinéir;

(3) ciallaíonn "Coinbhinsiún SOLAS 74", an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974 lena n-áirítear na Prótacail a ghabhann leis agus na leasuithe a rinneadh air, ina leagan cothrom le dáta;

[1] Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha sábháilteachta agus caighdeáin do longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

(4) ciallaíonn "Cód d'Árthaí Ardluais" an "Cód Idirnáisiúnta do Shábháilteacht Árthaí Ardluais" atá i Rún MSC.36 (63) ó Choiste Muir-Shábháilteachta IMO an 20 Bealtaine 1994 nó an Cód Idirnáisiúnta do Shábháilteacht Árthaí Ardluais, 2000 (Cód HSC 2000), atá i Rún MSC. 97 (73) ó IMO, Nollaig 2000, ina leagan cothrom le dáta;

(5) ciallaíonn "HSSC" Treoirlínte Suirbhé IMO faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, ina leagan cothrom le dáta;

(6) ciallaíonn "seirbhís rialta" sraith turas trasna long paisinéirí róró nó árthaí paisinéirí ardluais a oibrítear chun freastal ar thrácht idir an dá chalafort chéanna nó níos mó, nó sraith turas ón gcalafort céanna agus chuige gan stadanna idir eatarthu, bíodh na turais sin:

(a) de réir amchlár foilsithe; nó

(b) chomh rialta nó chomh minic agus gur féidir iad a aithint mar shraith chórasach;

(7) ciallaíonn "limistéar farraige" aon limistéar farraige nó bealach farraige a bhunaítear de bhun Airteagal 4 de Threoir 2009/45/CE;

(8) ciallaíonn "deimhnithe":

(a) maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais i mbun turais idirnáisiúnta, na deimhnithe sábháilteachta arna n-eisiúint faoi Choinbhinsiún SOLAS 74 nó faoin gCód d'Árthaí Ardluais faoi seach, mar aon leis na taifid de threalamh ábhartha;

(b) maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais i mbun turais intíre, na deimhnithe sábháilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le Treoir 2009/45/CE, mar aon leis na taifid de threalamh ábhartha atá i gceangal leo;

(9) ciallaíonn "riarachán an Bhratstáit" údaráis inniúla an Stáit ina bhfuil an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais i dteideal a bhrat a chur ar foluain;

(10) ciallaíonn "turas intíre" turas i limistéir farraige ó chalafort i mBallstát chuig an gcalafort céanna nó chuig calafort eile laistigh den Bhallstát sin;

(11) ciallaíonn "cuideachta" an eagraíocht nó an duine a chomhaontaigh dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Bainistíochta Idirnáisiúnta um Longa a Oibriú go Sábháilte agus le Truailliú a Chosc (Cód ISM) sa leagan cothrom le dáta de nó, i gcásanna nach bhfuil feidhm ag Caibidil IX de Choinbhinsiún SOLAS 74, úinéir na loinge paisinéirí róró nó an árthaigh paisinéirí ardluais nó aon eagraíocht nó duine eile amhail an bainisteoir, nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht chuige ón úinéir an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais a oibriú;

(12) ciallaíonn "cigire" fostaí san earnáil phoiblí, nó duine eile, arna údarú go cuí ag údarás inniúil de chuid Bhallstáit chun na cigireachtaí dá bhforáiltear sa Treoir seo a dhéanamh, atá freagrach don údarás inniúil sin agus a chomhlíonann na critéir íosta a shonraítear in Iarscríbhinn XI de Threoir 2009/16/CE;

(13) ciallaíonn "údarás inniúil an Bhallstáit" an t-údarás arna cheapadh ag an mBallstát faoin Treoir seo agus atá freagrach as na cúraimí a shanntar dó faoin Treoir seo a chur i gcrích.

*Airteagal 3*

**Cigireachtaí réamhthosaithe**

1. Sula dtosófar ar long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais a oibriú ar sheirbhís rialta a chumhdaítear leis an Treoir seo, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát cigireacht réamhthosaithe arb éard a bheidh inti:

(a) fíorú ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Iarscríbhinn I; agus

(b) cigireacht, i gcomhréir le hIarscríbhinn II, chun a dhearbhú dóibh féin go gcomhlíonann an long paisinéirí róró nó an t-árthach ardluais na ceanglais riachtanacha d'oibriú sábháilte seirbhíse rialta.

2. Is cigire a dhéanfaidh an chigireacht réamhthosaithe.

3. Arna iarraidh do Bhallstát, tabharfaidh cuideachtaí fianaise gur chomhlíon siad ceanglais Iarscríbhinn I roimh ré ach tráth nach túisce ná aon mhí amháin roimh an gcigireacht réamhthosaithe.

*Airteagal 4*

**Eisceachtaí maidir le hoibleagáid na cigireachta réamhthosaithe**

1. I gcás cigireachtaí réamhthosaithe, féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh gan ceanglais nó nósanna imeachta áirithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a chur i bhfeidhm, ar ceanglais iad atá ábhartha maidir le haon suirbhé Bratstáit bliantúil nó cigireacht bhliantúil arna dhéanamh nó arna déanamh, laistigh de na sé mhí roimhe sin, ar choinníoll go leantar na nósanna imeachta agus na treoirlínte ábhartha maidir le suirbhéanna a shonraítear in HSSC nó nósanna imeachta atá ceaptha chun an sprioc chéanna a ghnóthú. Aistreoidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha chuig an mbunachar sonraí cigireachta i gcomhréir le hAirteagal 10.

2. Nuair atá long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais le dul i mbun seirbhís rialta, féadfaidh an Ballstát cigireachtaí agus suirbhéanna a chur san áireamh, ar cigireachtaí agus suirbhéanna iad a rinneadh roimhe sin i ndáil leis an long paisinéirí róró nó an árthach paisinéirí ardluais sin lena hoibriú nó lena oibriú ar sheirbhís rialta eile a chumhdaítear leis an Treoir seo. Ar choinníoll go bhfuil an Ballstát sásta leis na cigireachtaí sin a rinneadh roimhe sin agus go bhfuil siad ábhartha do na dálaí oibríochta nua, ní gá na cigireachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) a chur i bhfeidhm sula dtosófar ar an long paisinéirí róró nó ar an árthach paisinéirí ardluais a oibriú ar an tseirbhís rialta nua.

3. Arna iarraidh do chuideachta, féadfaidh na Ballstáit a gcomhaontú a dhearbhú roimh ré maidir le hábharthacht na gcigireachtaí agus na suirbhéanna a rinneadh roimhe sin i leith dálaí oibríochta nua.

4. I gcásanna, mar gheall ar imthosca gan choinne, ina bhfuil géarghá long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais athsholáthair a thabhairt isteach go tapa chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú, agus nach bhfuil feidhm ag mír 2, féadfaidh an Ballstát a cheadú tosú ar an long paisinéirí róró nó ar an árthach a oibriú ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach léiríonn amharc-chigireacht agus seiceáil doiciméad nach gcomhlíonann an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais na ceanglais riachtanacha le haghaidh oibriú sábháilte; agus

(b) go gcuireann an Ballstát an chigireacht réamhthosaithe dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) i gcrích laistigh de 1 mhí amháin.

*Airteagal 5*

**Cigireachtaí rialta**

1. Uair i ngach tréimhse 12 mhí, déanfaidh na Ballstáit:

(a) cigireacht, i gcomhréir le hIarscríbhinn II; agus

(b) cigireacht le linn seirbhís rialta, ar cigireacht í nach ndéanfar roimh 4 mhí ach a dhéanfar tráth nach déanaí ná 8 mí i ndiaidh na cigireachta dá dtagraítear i bpointe (a), agus ar cigireacht í a chuimseoidh na míreanna a liostaítear in Iarscríbhinn III agus, de réir bhreithiúnas gairmiúil an chigire, líon leordhóthanach de na míreanna a liostaítear in Iarscríbhinní I agus in Iarscríbhinn II, de réir bhreithiúnas gairmiúil an chigire, chun a áirithiú go leanann an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais de na ceanglais riachtanacha uile le haghaidh oibriú sábháilte a chomhlíonadh.

Déanfar cigireacht réamhthosaithe i gcomhréir le hAirteagal 3 a mheas mar chigireacht chun críocha phointe (a).

2. Féadfar an chigireacht dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 a dhéanamh, de rogha an Bhallstáit, ag an am céanna nó in éineacht le suirbhé bliantúil an Bhratstáit ar choinníoll go leantar na nósanna imeachta agus na treoirlínte ábhartha do shuirbhéanna a shonraítear in HSSC nó nósanna imeachta atá ceaptha chun an sprioc chéanna a ghnóthú.

3. Déanfaidh na Ballstáit cigireacht i gcomhréir le hIarscríbhinn II gach uair a dhéantar deisiúcháin, athruithe agus modhnuithe móra ar long paisinéirí róró nó árthaí paisinéirí ardluais, nó nuair atá athrú bainistíochta nó aistriú aicme i gceist. I gcás ina ndéantar athrú bainistíochta nó aistriú aicme, áfach, féadfaidh an Ballstát, tar éis cigireachtaí a rinneadh roimhe sin ar long paisinéirí róró nó ar árthach paisinéirí ardluais a chur san áireamh, agus ar choinníoll nach ndéanann an t-athrú nó an t-aistriú sin difear d'oibriú sábháilte na loinge paisinéirí róró nó an árthaigh paisinéirí, an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais a fhágáil ar lár ón gcigireacht a cheanglaítear leis an mír seo.

*Airteagal 6*

**Tuarascáil cigireachta**

1. Tar éis aon chigireacht, arna déanamh i gcomhréir leis an Treoir seo, a chríochnú, déanfaidh an cigire tuarascáil a tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn IX de Threoir 2009/16/CE.

2. Cuirfear an fhaisnéis atá sa tuarascáil chuig an mbunachar sonraí cigireachta dá bhforáiltear in Airteagal 10. Tabharfar cóip den tuarascáil chigireachta don mháistir freisin.

*Airteagal 7*

**Ceartú easnamh, toirmeasc imeachta agus fionraí cigireachta**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceartófar aon easnaimh a dhearbhaítear nó a nochtar trí chigireacht arna déanamh i gcomhréir leis an Treoir seo.

2. I gcás easnaimh ar léir iad a bheith contúirteach don tsláinte nó don tsábháilteacht nó a bhfuil baol ag baint leo don tsláinte nó don bheatha, don long paisinéirí róró nó don árthach paisinéirí ardluais, agus criú agus paisinéirí an chéanna, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit go mbeidh an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais faoi réir ordú um thoirmeasc imeachta ("ordú um thoirmeasc imeachta"). Tabharfar cóip den ordú sin don mháistir.

3. Ní ardófar an toirmeasc imeachta go dtí go gceartófar an easnamh agus go dtí go mbainfear an chontúirt chun sástachta údarás inniúil an Bhallstáit nó go dtí go suífidh údarás inniúil an Bhallstáit go bhféadfaidh an long nó an t-árthach, faoi réir aon choinníollacha riachtanacha, gabháil amach ar an bhfarraige nó go bhféadfar tosú arís ar a hoibriú gan riosca a bheith ann do shábháilteacht ná do shláinte na bpaisinéirí nó an chriú, ná riosca a bheith ann don long paisinéirí róró nó don árthach paisinéirí ardluais nó do longa eile.

4. Mura bhféadfar easnamh dá dtagraítear i mír 2 a cheartú go réidh sa chalafort ina ndearbhaítear nó ina nochtar an t-easnamh, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a chomhaontú cead a thabhairt an long nó árthach a thabhairt chuig longchlós deisiúcháin iomchuí, áit a bhféadfar an t-easnamh a cheartú go héasca.

5. I gcásanna eisceachtúla, inar léir go bhfuil riocht iomlán loinge paisinéirí róró nó árthaigh paisinéirí ardluais faoi bhun an chaighdeáin, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit cigireacht na loinge nó an árthaigh sin a chur ar fionraí go dtí go ndéanann an chuideachta na bearta is gá chun a áirithiú nach léir go follasach a thuilleadh go bhfuil an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais contúirteach don tsábháilteacht nó don tsláinte nó go bhfuil baol láithreach ann do bheatha chriú agus phaisinéirí an chéanna nó chun a áirithiú go gcomhlíonann sí nó sé ceanglais ábhartha coinbhinsiún idirnáisiúnta is infheidhme.

6. I gcás ina gcuireann údarás inniúil an Bhallstáit an chigireacht ar fionraí i gcomhréir le mír 5, cuirfear an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais faoi ordú um thoirmeasc imeachta go huathoibríoch. Ardófar an t-ordú um thoirmeasc imeachta i gcás ina dtosófar ar an gcigireacht arís agus ina gcríochnófar go rathúil í agus i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo agus in Airteagal 9(2).

7. Chun plódú calafoirt a mhaolú, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a cheadú go ndéanfar long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais atá faoi réir ordú um thoirmeasc imeachta a bhogadh chuig cuid eile den chalafort, más sábháilte déanamh amhlaidh. Ní thiocfaidh riosca de phlódú an chalafoirt i gceist, áfach, nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir le hordú um thoirmeasc imeachta nó maidir le hordú um thoirmeasc imeachta a ardú. Éascóidh údaráis nó comhlachtaí calafort cóiríocht do longa den sórt sin.

*Airteagal 8*

**Ceart achomhairc**

1. Beidh ag an gcuideachta ceart achomhairc in aghaidh ordú um thoirmeasc imeachta arna n-eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit. Ní chuirfear an t-ordú um thoirmeasc imeachta ar fionraí mar gheall ar achomharc, mura rud é go ndeonaítear bearta idirthréimhseacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Déanfaidh na Ballstáit nósanna imeachta iomchuí a bhunú agus a chothabháil chun na críche sin i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta.

2. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit an ceart chun achomhairc agus na nósanna imeachta is infheidhme in iúl do mháistir na loinge paisinéirí róró nó an árthaigh paisinéirí ardluais atá faoi réir ordú um thoirmeasc imeachta. Nuair a dhéantar ordú um thoirmeasc imeachta a chúlghairm nó a leasú, mar thoradh ar achomharc, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an bunachar sonraí cigireachta dá bhforáiltear in Airteagal 10 a nuashonrú dá réir gan mhoill.

*Airteagal 9*

**Costais**

1. Má dhearbhaítear nó má nochtar easnaimh trí na cigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 5, easnaimh is údar le toirmeasc imeachta, cumhdóidh an chuideachta na costais uile a bhaineann leis na cigireachtaí.

2. Ní ardófar an t-ordú um thoirmeasc imeachta go dtí go ndéanfar íocaíocht iomlán nó go dtabharfar ráthaíocht leordhóthanach maidir le haisíoc na gcostas.

*Airteagal 10*

**Bunachar sonraí cigireachta**

1. Déanfaidh an Coimisiún bunachar sonraí cigireachta a fhorbairt, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta lena mbeidh na Ballstáit uile nasctha agus ina mbeidh an fhaisnéis uile a cheanglaítear chun an córas cigireachta dá bhforáiltear sa Treoir seo a chur chun feidhme. Beidh an bunachar sonraí sin bunaithe ar an mbunachar sonraí cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir 2009/16/CE agus beidh feidhmiúlachtaí aige atá comhchosúil le feidhmiúlachtaí an bhunachair sonraí sin aige.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a bhaineann le cigireachtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le heasnaimh agus le horduithe um thoirmeasc imeachta, a aistriú gan mhoill chuig an mbunachar sonraí cigireachta a luaithe a chríochnófar an tuarascáil chigireachta nó a ardófar an t-ordú um thoirmeasc imeachta. Maidir le sonraí na faisnéise, beidh feidhm ag forálacha Iarscríbhinn XIII de Threoir 2009/16/CE *mutatis mutandis*.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a aistreofar chuig an mbunachar sonraí cigireachta a bhailíochtú laistigh de 72 uair an chloig chun críocha a foilsithe.

4. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an bunachar sonraí cigireachta ar chumas daoine aon sonraí ábhartha maidir le cur chun feidhme na Treorach seo a aisghabháil ar bhonn na sonraí cigireachta a sholáthraíonn na Ballstáit.

5. Beidh rochtain ag na Ballstáit ar an bhfaisnéis uile a dhéantar a thaifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta atá ábhartha maidir le cur chun feidhme chóras cigireachta dá bhforáiltear sa Treoir seo agus i dTreoir 2009/16/CE.

*Airteagal 11*

**Pionóis**

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

*Airteagal 12*

**Nós imeachta maidir le leasuithe**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13, lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe laistigh de IMO, agus na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann leo a fheabhsú i bhfianaise na taithí a fuarthas.

2. In imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil údar cuí leis de réir anailís iomchuí arna déanamh ag an gCoimisiún agus chun bagairt thromchúiseach dho-ghlactha ar shábháilteacht mhuirí, an tsláinte, dálaí maireachtála nó oibre ar bord loinge nó an timpeallacht mhuirí, nó neamhréireacht le reachtaíocht mhuirí an Aontais a sheachaint, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13, lena leasaítear an Treoir seo ionas nach gcuirfí leasú ar na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 i bhfeidhm, chun críche na Treorach seo.

Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin ar a laghad 3 mhí roimh dheireadh na tréimhse atá bunaithe go hidirnáisiúnta do ghlacadh intuigthe an leasaithe lena mbaineann nó roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe go dtiocfadh leasú den chineál sin i bhfeidhm. Sa tréimhse sula dtiocfaidh gníomh tarmligthe den sórt sin i bhfeidhm, staonfaidh Ballstáit ó aon tionscnamh atá beartaithe chun an leasú a lánphháirtiú sa reachtaíocht náisiúnta nó chun an leasú a chur i bhfeidhm ar an ionstraim idirnáisiúnta lena mbaineann.

*Airteagal 13*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Déantar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana ón 20 Nollaig 2017. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 14*

**Leasuithe ar Threoir 2009/16/CE**

Leasaítear Treoir 2009/16/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

“25. ciallaíonn ‘long paisinéirí róró’ long ina bhfuil saoráidí chun a chur ar chumas feithiclí bóthair nó iarnróid rolladh ar an soitheach agus rolladh as, agus ina n-iompraítear breis agus 12 phaisinéir;

26. ciallaíonn ‘árthach paisinéirí ardluais’ árthach mar a shainmhínítear i Rialachán 1 de Chaibidil X de Choinbhinsiún SOLAS 74, sa leagan de atá cothrom le dáta, agus ina n-iompraítear breis agus 12 phaisinéir;

27. ciallaíonn ‘seirbhís rialta’ sraith turas trasna long paisinéirí róró nó árthaí paisinéirí ardluais a oibrítear chun freastal ar thrácht idir an dá chalafort chéanna nó níos mó, nó sraith turas ón gcalafort céanna agus chuige gan stadanna idir eatarthu, bíodh na turais sin:

(i) de réir amchlár foilsithe; nó

(ii) chomh rialta nó chomh minic agus gur féidir iad a aithint mar shraith chórasach;”

(2) in Airteagal 3(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Beidh feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le cigireachtaí ar longa paisinéirí róró agus ar árthaí paisinéirí ardluais a dhéantar lasmuigh de chalafort nó amach ó ancaireacht le linn seirbhís rialta i gcomhréir le hAirteagal 14a.”;

(3) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

“Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le longa a roghnaítear le haghaidh cigireacht i gcomhréir le hAirteagal 12 nó le hAirteagal 14a, go gcuirfear faoi réir cigireacht tosaigh nó cigireacht níos mionsonraithe ná sin iad mar a leanas:”

(4) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 14a*

**Cigireacht ar longa paisinéirí róró agus ar árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta**

1. Maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais a oibrítear ar sheirbhís rialta, tá siad incháilithe do chigireachtaí i gcomhréir leis an gcreat ama agus leis na ceanglais eile a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII.

2. Déanfaidh Ballstáit, nuair atá cigireachtaí ar long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais á bpleanáil acu, sceideal oibríochta agus cothabhála na loinge paisinéirí róró nó an árthaigh paisinéirí ardluais a chur san áireamh.

3. Nuair a bheidh long paisinéirí nó árthach paisinéirí ardluais faoi réir cigireacht i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII, déanfar an chigireacht sin a thaifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta, agus cuirfear san áireamh í chun críocha Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 12 agus chun comhlíonadh ghealltanas cigireachta gach Ballstáit a ríomh. Cuirfear san áireamh i líon iomlán na gcigireachtaí bliantúla a dhéanann gach Ballstát í, dá bhforáiltear in Airteagal 5.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 9(1), Airteagal 11(a) ná Airteagal 14 maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais ar sheirbhís rialta a ndéantar cigireacht orthu faoin Airteagal seo.

5. Maidir le longa paisinéirí róró nó le hárthaí paisinéirí ardluais atá faoi réir cigireacht bhreise i gcomhréir le hAirteagal 11(b), áiritheoidh an t-údarás inniúil gur i gcomhréir le Cuid II 3A(c) agus le Cuid 3B(c) d'Iarscríbhinn I a roghnófar le haghaidh cigireachta iad. Cigireachtaí a dhéantar faoin mhír seo, ní dhéanfaidh siad difear don eatramh cigireachta dá bhforáiltear i mír 2 d'Iarscríbhinn XVII.

6. Maidir le cigire údarás inniúil Stát an chalafoirt, féadfaidh sé aontú, le linn cigireacht ar long paisinéirí róró nó ar árthach paisinéirí ardluais, go mbeidh cigire Stáit calafoirt ó Bhallstát eile in éineacht leis mar bhreathnóir. I gcás inar bratach Ballstáit é bratach an tsoithigh, tabharfaidh Stát an chalafoirt cuireadh, arna iarraidh sin, d'ionadaí ar an mBratstát dul in éineacht leis an gcigireacht mar bhreathnóir.";

(5) in Airteagal 15, scriostar mír 3;

(6) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh Ballstát diúltú rochtain a thabhairt ar a chalafoirt agus ar a ancaireachtaí d'aon long:

— ar a bhfuil brat aon Stáit ar foluain a bhfuil a ráta coinneála ar an dúliosta, arna ghlacadh i gcomhréir le Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún go bliantúil, agus a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná dhá uair laistigh de na 36 mhí roimhe sin i gcalafort nó in ancaireacht de chuid Ballstáit nó de chuid Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras, nó

— ar a bhfuil brat Stáit ar foluain a bhfuil a ráta coinneála ar an liosta liath, arna ghlacadh i gcomhréir le Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún go bliantúil, agus a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná dhá uair laistigh de na 24 mhí roimhe sin i gcalafort nó in ancaireacht de chuid Ballstáit nó de chuid Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír sna cásanna a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 21(6).

Beidh an diúltú rochtana infheidhme a luaithe a fhágann an long an calafort nó an ancaireacht ina raibh sí faoi réir coinneála don tríú huair agus ina ndearnadh ordú um dhiúltú rochtana a eisiúint.";

(7) Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas leis:

"*IARSCRÍBHINN XVII*

Cigireacht ar longa paisinéirí róró agus ar árthaí paisinéirí ardluais ar sheirbhís rialta

1.1. Sula dtosaíonn long paisinéirí róró nó ar árthach paisinéirí ardluais a chumhdaítear sa Treoir seo ar oibriú ar sheirbhís rialta, déanfaidh Ballstáit cigireacht, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/2110 (*), chun a áirithiú go gcomhlíonann an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais na ceanglais riachtanacha d'oibriú sábháilte seirbhíse rialta.

1.2. Nuair atá long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais le dul i mbun seirbhís rialta eile, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cigireachtaí a rinne Ballstát roimhe sin, is é sin le hocht mí anuas, a chur san áireamh don long paisinéirí róró sin nó don árthach paisinéirí ardluais sin i gcás oibríochtaí ar sheirbhís rialta roimhe sin a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhfuil an Ballstát sásta i ngach cás go bhfuil na cigireachtaí a rinneadh roimhe sin ábhartha do na dálaí oibríochta nua agus gur comhlíonadh na ceanglais riachtanacha d'oibriú sábháilte seirbhíse rialta le linn na gcigireachtaí sin. Ní gá na cigireachtaí dá bhforáiltear i bpointe 1.1 a chur i bhfeidhm sula dtosófar ar an long paisinéirí róró nó ar an árthach paisinéirí ardluais a oibriú ar an tseirbhís rialta nua.

1.3. I gcásanna, mar gheall ar imthosca gan choinne, ina bhfuil gá le long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais athsholáthair a thabhairt isteach go tapa chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú, agus nach bhfuil pointe 1.2 infheidhme, féadfaidh an Ballstát a cheadú tús a chur leis an long paisinéirí nó leis an árthach a oibriú ar choinníoll:

(a) nach léiríonn amharc-chigireacht agus seiceáil doiciméad nach gcomhlíonann an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais na ceanglais riachtanacha le haghaidh oibriú sábháilte; agus

(b) go gcuireann an Ballstát an chigireacht dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/2110 i gcrích laistigh de 1 mhí amháin.

2. Uair sa bhliain, ach tráth nach túisce ná 4 mhí agus tráth nach déanaí ná 8 mí tar éis na cigireachta roimhe sin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) cigireacht, lena n-áirítear ceanglais Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/2110 agus Rialachán (AE) Uimh. 428/2010 ón gCoimisiún (**), de réir mar is infheidhme; agus

(b) cigireacht le linn seirbhís rialta. Cumhdófar sa chigireacht sin na míreanna a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2017/2110 agus líon leordhóthanach de na míreanna a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2017/2110, de réir bhreithiúnas gairmiúil an chigire, chun a áirithiú go leanann an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais de na ceanglais riachtanacha uile le haghaidh oibriú sábháilte a chomhlíonadh.

3. I gcás nach ndearnadh cigireacht ar long paisinéirí róró nó ar árthach paisinéirí ardluais i gcomhréir le pointe 2, measfar gur Tosaíocht I atá sa long paisinéirí róró nó san árthach paisinéirí ardluais.

4. Déanfar cigireacht i gcomhréir le pointe 1.1 a mheas mar chigireacht chun críocha phointe 2(a) den Iarscríbhinn seo.

(*) Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61).

(**) Rialacháin (AE) Uimh. 428/2010 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2010 lena gcuirtear Airteagal 14 de Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme maidir le cigireachtaí leathnaithe long (IO L 125, 21.5.2010, lch. 2)."

*Airteagal 15*

**Aisghairm**

Déantar Treoir 1999/35/CE a aisghairm.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 16*

**Athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach seo agus cuirfidh sé torthaí na meastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 21 Nollaig 2026.

*Airteagal 17*

**Trasuí**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 21 Nollaig 2019. Cuirfidh siad iad in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 21 Nollaig 2019.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 18*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 19*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in Strasbourg, 15 Samhain 2017.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
A. TAJANI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. MAASIKAS

*IARSCRÍBHINN I*

**CEANGLAIS SHONRACHA LE hAGHAIDH ÁRTHAÍ ATÁ I SEIRBHÍS RIALTA**

**(dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 5)**

Fíorófar na nithe seo a leanas:

1. go gcuirfear an fhaisnéis iomchuí ar fáil don mháistir maidir le hinfhaighteacht córas treoraíochta loingseoireachta cois cladaigh agus scéimeanna faisnéise eile chun cuidiú leis turais a stiúradh go sábháilte, sula gcuirfear an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais chun farraige, agus go mbainfidh sé úsáid as scéimeanna treoraíochta agus faisnéise loingseoireachta, ar scéimeanna iad a chuir Ballstáit ar bun;

2. go gcuirfear i bhfeidhm forálacha ábhartha mhír 2 go mír 6 de Chiorclán 699/MSC an 17 Iúil 1995, dar teideal "Treoirlínte athbhreithnithe le haghaidh threoracha sábháilteachta do phaisinéirí";

3. go gcuirfear tábla, ina sonraítear na socruithe oibre ar bord loinge, ar taispeáint in áit a bhfuil rochtain éasca air, agus go n-áireofar sa tábla sin:

   (a) an sceideal seirbhíse ar muir agus sa chalafort, agus

   (b) líon uasta na n-uaireanta oibre nó líon íosta na n-uaireanta sosa is gá le haghaidh fairtheoirí;

4. nach mbeidh srian ar an máistir cinneadh a dhéanamh, is gá i dtuairim ghairmiúil an mháistir, ar mhaithe le loingseoireacht shábháilte agus oibriú sábháilte, go háirithe i gcás drochaimsire agus farraige mhór;

5. go gcoinneoidh an máistir taifead ar na gníomhaíochtaí loingseoireachta agus de na teagmhais a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh shábháilteacht na loingseoireachta de;

6. go gcuirfear riarachán an Bhratstáit agus Stát an chalafoirt ar an eolas go pras i gcás ina ndéantar aon damáiste, nó sraonadh buan ar scealldoirse agus ar an bplátáil chabhlaigh lena mbaineann, ar damáiste é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláine na loinge paisinéirí róró nó an árthaigh paisinéirí ardluais, agus i gcás ina bhfuil aon easnaimh sna socruithe chun na doirse sin a dhaingniú, agus go ndéanfar iad a dheisiú go pras chun a sástachta;

7. go mbeidh plean turais cothrom le dáta ar fáil sula bhfágfaidh an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais ar turas. Cuirfear na treoirlínte a leagtar amach i Rún A.893(21) ó Chomhthionól IMO an 25Samhain 1999, dar teideal "Treoirlínte le haghaidh phleanáil turas" go hiomlán i gcuntas agus an turas á ullmhú;

8. go dtabharfar faisnéis ghinearálta do na paisinéirí faoi na seirbhísí agus an cúnamh atá ar fáil ar bord do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas agus go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhformáidí a bheidh oiriúnach do dhaoine lagamhairc.

*IARSCRÍBHINN II*

**NÓSANNA IMEACHTA LE hAGHAIDH CIGIREACHTAÍ**

**(dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 5)**

1. Le linn na gcigireachtaí áiritheofar go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla arna n-eisiúint ag an mBratstát nó thar a cheann, go háirithe na ceanglais a bhaineann le tógáil, foroinnt agus cobhsaíocht, innealra agus suiteálacha leictreacha, lastáil agus cobhsaíocht, cosaint ar dhóiteán, líon uasta paisinéirí, fearais tarrthála agus iompar earraí contúirteacha, radachumarsáid agus loingseoireacht. Chuige sin, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh sna cigireachtaí:
   - tosú an ghineadóra éigeandála,
   - cigireacht ar an soilsiú éigeandála,
   - cigireacht ar fhoinse éigeandála na cumhachta le haghaidh na suiteálacha raidió,
   - tástáil ar an gcóras fógartha poiblí,
   - druil dóiteáin, lena n-áirítear léiriú gur féidir úsáid a bhaint as feisteas fear dóiteáin,
   - oibriú an chaidéil dóiteáin éigeandála le 2 phíobán dóiteáin a cheanglaítear den phríomhphíobán dóiteáin atá á oibriú,
   - tástáil ar na cian-stoprialtáin éigeandála chun breosla a sholáthar do choirí, do phríomhinnill agus d'innill chúnta, agus le haghaidh gaothráin aerála,
   - tástáil ar chianrialtáin agus ar neasrialtáin chun maolairí dóiteáin a dhúnadh,
   - tástáil ar chórais braite dóiteáin agus aláraim dóiteáin,
   - tástáil ar dhúnadh ceart na ndoirse dóiteáin,
   - oibriú na gcaidéal ruma,
   - dúnadh na ndoirse bulcaide uisce-obacha; ó neas-suíomhanna agus ó chiansuíomhanna araon,
   - léiriú go bhfuil príomhdhaoine den chriú ar an eolas faoin bplean rialaithe damáiste,
   - bád tarrthála amháin agus bád sábhála amháin, ar a laghad, a ísliú ar an uisce, iad a thosú agus a gcórais tiomána agus stiúrtha a thástáil, agus iad a ardú arís ón uisce agus iad a chur ar ais ina suíomhanna stuála ar bord,
   - seiceáil ar gach bád tarrthála agus ar gach bád sábhála agus a áirithiú go bhfreagraíonn siad don fhardal,
   - tástáil ar fhearas stiúrtha agus ar fhearas stiúrtha cúnta na loinge nó an árthaigh.
2. Sna cigireachtaí díreofar ar thaithíocht an chriú ar na nósanna imeachta sábháilteachta, na nósanna imeachta éigeandála, cothabháil, na cleachtais oibre, sábháilteacht paisinéirí, nósanna imeachta an droichid agus na hoibríochtaí a bhaineann le lastas agus feithiclí, agus ar cé chomh héifeachtach is atá an criú sna réimsí sin. Déanfar seiceáil ar chumas na maraithe orduithe agus treoracha a thuiscint agus, i gcás inarb iomchuí é, a thabhairt, agus ar a gcumas tuairisciú ar ais sa teanga chomónta oibre, mar atá ar taifead i logleabhar na loinge. Déanfar an fhianaise dhoiciméadaithe go bhfuair an criú oiliúint speisialta a sheiceáil, go háirithe maidir leo seo a leanas:
   - oiliúint ar bhainistíocht sluaite,
   - oiliúint taithíochta,
   - oiliúint sábháilteachta le haghaidh pearsanra a chuireann cúnamh sábháilteachta ar fáil go díreach do phaisinéirí i spásanna paisinéirí, agus go háirithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas i gcás éigeandála, agus
   - bainistíocht géarchéime agus oiliúint iompraíochta daoine,

   áireofar sa chigireacht measúnú ar cibé an bhfuil tuirse mhíréasúnta ar dhaoine, go háirithe ar na fairtheoirí, de dheasca patrúin uainchláir.
3. Comhlíonfaidh deimhniúcháin inniúlachta gach duine den chriú ar bord soithí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

---

([1]) Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le leibhéal íosta oiliúna do mharaithe (IO L 323, 3.12.2008, lch. 33).

*IARSCRÍBHINN III*

**NÓSANNA IMEACHTA CHUN CIGIREACHTAÍ A DHÉANAMH LE LINN SEIRBHÍS RIALTA**

**(dá dtagraítear in Airteagal 5)**

Nuair a dhéantarcigireachtaí le linn seirbhís rialta, seiceálfar an méid seo a leanas:

1. Faisnéis paisinéirí

Go mbeidh na modhanna a úsáidtear chun a áirithiú nach sáróidh an líon paisinéirí dá ndeimhnítear an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais (an “long”). Comhlíonann na modhanna ina ndéantar faisnéis paisinéirí a chlárú Treoir 98/41/CE ón gComhairle [1]. An chaoi a gcuirtear an fhaisnéis faoin líon iomlán paisinéirí in iúl don mháistir agus, más iomchuí, an chaoi a gcuirtear an líon paisinéirí atá i mbun turas trasna dúbailte gan dul i dtír san áireamh san iomlán don turas fillte.

2. Faisnéis lastála agus cobhsaíochta

Go bhfuil, nuair is infheidhme é, tomhsairí tarraingthe iontaofa suiteáilte agus go bhfuil siad in úsáid. Go bhfuil bearta á nglacadh chun a áirithiú nach bhfuil an long ró-ualaithe agus nach bhfuil an ualachlíne iomchuí foroinnte tumtha. Go ndéantar measúnú lastála agus cobhsaíochta de réir mar a cheanglaítear é. Go ndéantar feithiclí earraí agus lastas eile a mheá i gcás inar gá agus go gcuirtear na figiúirí in iúl don long lena n-úsáid le linn an mheasúnaithe lastála agus cobhsaíochta. Go bhfuil na pleananna rialaithe damáiste ar taispeáint go buan agus go gcuirtear leabhráin eolais, ina bhfuil faisnéis faoi rialú damáiste, ar fáil d'oifigigh na loinge.

3. Slándáil chun dul ar muir

Go mbeidh an nós imeachta a úsáidtear chun a áirithiú go ndaingneofar an long le dul ar muir sula bhfágfar an leaba ancaire, agus ba cheart nós imeachta um thuairisciú a áireamh ann trína ndeimhnítear go bhfuil na scealldoirse uisce-obacha agus aimsirdhíonacha dúnta. Go bhfuil doirse uile na deice feithiclí dúnta sula bhfágann an long an leaba ancaire nó nach bhfágtar ar oscailt iad ach go dtí go bhféadfar scáthlán thosach an bháid a dhúnadh, go gcumasófar na socruithe maidir le tosach an bháid, deireadh an bháid agus na taobhdhoirse a dhúnadh, agus soláthar soilse táscaire agus faireachais teilifíse chun a stádas a thaispeáint ar an droichead loingseoireachta. Ba cheart go bhfionnfaí aon deacrachtaí le hoibriú na soilse táscaire, go háirithe lasca ag na doirse, agus go ndéanfaí iadsan a thuairisciú.

4. Fógraí sábháilteachta

Leagan amach gnáthfhógraí sábháilteachta agus taispeáint treoracha agus treoirlínte maidir le nósanna imeachta éigeandála sa teanga nó sna teangacha iomchuí. Go ndéantar na gnáthfhógraí sábháilteachta ag tús an turais agus gur féidir iad a chloisteáil i ngach spás poiblí, lena n-áirítear deiceanna oscailte, a bhfuil rochtain ag paisinéirí orthu.

5. Iontrálacha sa logleabhar loinge

Scrúdú ar an logleabhar loinge chun a áirithiú go bhfuil iontrálacha á ndéanamh maidir le dúnadh dhoirse thosach an bháid, dheireadh an bháid, agus doirse uisce-obacha agus aimsirdhíonacha, druileanna le haghaidh na ndoirse uisce-obacha foroinnte, tástáil an fhearais stiúrtha, etc. Chomh maith leis sin, go bhfuil taifead á choinneáil ar tharraingtí, de shaorbhord agus de chobhsaíocht maille leis an teanga chomónta oibre don chriú.

6. Earraí contúirteacha

Go ndéantar aon lastas earraí contúirteacha nó truaillitheacha a iompar i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus, go háirithe, go gcuirtear dearbhú ar fáil maidir leis na hearraí contúirteacha agus truaillitheacha maille le lastliosta nó plean stuála chun an áit a bhfuil siad lonnaithe ar bord a léiriú, go bhfuil iompar lastas áirithe ceadaithe ar longa paisinéirí, agus go ndéantar earraí contúirteacha agus truaillitheacha a mharcáil, a lipéadú, a stuáil, a dhaingniú agus a leithscaradh i gceart.

Go bhfuil fógra ceart ar fheithiclí ina n-iompraítear earraí contúirteacha agus truaillitheacha agus go ndéantar na feithiclí sin a dhaingniú. Go bhfuil cóip den lastliosta nó den phlean stuála ábhartha ar fáil i dtír, nuair a bheidh earraí contúirteacha agus truaillitheacha á n-iompar. Go bhfuil an máistir ar an eolas faoi na ceanglais maidir le

[1] Treoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).

fógra a thabhairt faoi Threoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus faoi na treoracha atá ann le haghaidh nósanna imeachta éigeandála ar gá cloí leo agus garchabhair a thabhairt i gcás teagmhas a bhaineann le hearraí contúirteacha nó truailleáin mhuirí. Go bhfuil na córais aeraithe ar dheiceanna na bhfeithiclí in úsáid i gcónaí, go n-ardaítear a gcumhacht le linn innill na bhfeithiclí a bheith ar siúl agus go bhfuil táscaire éigin ar an droichead a chuireann in iúl go bhfuil an córas aeraithe ar dheic na bhfeithiclí ag obair.

7. Feithiclí earraí a dhaingniú

An bealach a ndéantar feithiclí earraí a dhaingniú, mar shampla, cibé acu an bhfuil blocstuáil nó lascthaí indibhidiúla in úsáid. An bhfuil pointí láidre imleora ar fáil. Na socruithe chun feithiclí earraí a dhaingniú i gcás drochaimsire nó i gcás réamhaisnéis drochaimsire. An bealach a ndéantar cóistí agus gluaisrothair a dhaingniú, más ann dóibh. Go bhfuil lámhleabhar maidir le daingniú lastais ag an long.

8. Deiceanna na bhfeithiclí

Cibé acu an bhfuil patról leanúnach á dhéanamh ar spásanna catagóire speisialta agus spásanna lastais róró nó an bhfuil córas faireachais teilifíse i mbun faireachán leanúnach orthu ionas gur féidir súil a choinneáil ar ghluaiseacht feithiclí i ndrochaimsir agus ar iontráil neamhúdaraithe paisinéirí. Go gcoinnítear na doirse agus na bealaí isteach dóiteáin dúnta agus go bhfuil fógraí ar taispeáint chun paisinéirí a choinneáil ó na deiceanna feithiclí fad atá an long ar muir.

9. Dúnadh na ndoirse uisce-obacha

Go bhfuil an beartas arna leagan síos i dtreoracha oibríochta na loinge le haghaidh na ndoirse uisce-obacha foroinnte á leanúint. Go bhfuiltear ag déanamh na ndruileanna dóiteáin is gá. Go bhfuil rialú an droichid ar na doirse uisce-obacha á choinneáil, i gcás inar féidir é, ar "neas" rialú. Go bhfuil na doirse á gcoinneáil dúnta tráth a bhfuil aninfheictheacht srianta agus in aon chúinse guaiseach. Go dtugtar treoracha don chriú maidir leis an mbealach ceart chun na doirse a oibriú agus go bhfuil siad ar an eolas faoin mbaol a bhaineann le mí-úsáid na ndoirse.

10. Patróil dóiteáin

Deimhnítear go bhfuil patról éifeachtúil ar siúl sa chaoi go dtabharfaí dóiteán faoi deara go héasca. Ba cheart a chur san áireamh leis sin na spásanna catagóire speisialta i gcás nach bhfuil córas socraithe braite dóiteáin ná aláraim dóiteáin suiteáilte. Go bhféadfadh sé go mbeadh patról ar siúl ar na spásanna sin mar a shonraítear i bpointe 8.

11. Cumarsáid i gcás éigeandála

Go bhfuil dóthain daoine den chriú ann i gcomhréir leis an liosta tionóil chun cuidiú le paisinéirí i gcás éigeandála agus go bhfuil siad inaitheanta go héasca agus in ann cumarsáid a dhéanamh leis na paisinéirí i gcás éigeandála, ag cur san áireamh teaglaim iomchuí agus leordhóthanach d'aon cheann de na fachtóirí seo a leanas:

(a) teanga nó teangacha iomchuí le haghaidh phríomhnáisiúntachtaí na bpaisinéirí atá á n-iompar ar bhealach ar leith;

(b) an dóchúlacht go bhféadfadh úsáid an Bhéarla bhunúsaigh le haghaidh treoracha bunúsacha a bheith ina bhealach cumarsáide le paisinéir a mbeadh cúnamh ag teastáil uaidh gan beann mura bhfuil teanga chomónta ag an bpaisinéir agus ag an duine den chriú;

(c) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann cumarsáid a dhéanamh le linn éigeandála ar mhodhanna eile (e.g. trí léiriú, comharthaí láimhe, nó aird a dhíriú ar shuíomh na dtreoracha, na stáisiúin tionóil, na bhfeistí tarrthála nó na mbealaí éalaithe i gcás nach mbeadh cumarsáid ó bhéal praiticiúil);

(d) gur cuireadh nó nár cuireadh treoracha iomlána sábháilteachta ar fáil do phaisinéirí ina dteanga dhúchais nó ina dteangacha dúchais;

(e) na teangacha ina bhféadfaí fógraí éigeandála a chraoladh le linn éigeandála nó druile chun treoracha ríthábhachtacha a thabhairt do phaisinéirí agus chun a éascú don chriú cuidiú leis na paisinéirí.

12. Teanga chomónta oibre idir daoine den chriú

Go bhfuil teanga oibre bunaithe ionas go n-áiritheofar go bhfuil an criú ag feidhmiú go héifeachtach i gcúrsaí sábháilteachta agus go bhfuil an teanga oibre sin ar taifead sa logleabhar loinge.

([1]) Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

13. Trealamh sábháilteachta

Go bhfuiltear ag cothabháil na bhfearas tarrthála agus dóiteáin, lena n-áirítear na doirse dóiteáin agus míreanna eile den chosaint struchtúrtha ar dhóiteán ar féidir cigireacht a dhéanamh orthu go héasca. Go bhfuil pleananna rialaithe dóiteáin ar taispeáint go buan nó go bhfuil leabhráin eolais ina bhfuil an fhaisnéis choibhéiseach ar fáil d'oifigigh na loinge. Go bhfuil stuáil iomchuí á déanamh ar na seaicéid tarrthála agus gur féidir seaicéid tarrthála do leanaí a aithint go héasca. Nach gcuireann lastáil feithiclí cosc ar oibriú na rialuithe dóiteáin, scoiteoirí éigeandála, rialuithe le haghaidh comhlaí stoirme, etc. a d'fhéadfadh a bheith suite ar dheiceanna na bhfeithiclí.

14. Trealamh loingseoireachta agus raidió

Go bhfuil an trealamh loingseoireachta agus radachumarsáide ag obair, lena n-áirítear rabhcháin raidió éigeandála a léiríonn suíomh (EPIRBanna).

15. Soilsiú breise éigeandála

Go bhfuil soilsiú éigeandála breise suiteáilte, faoi mar a cheanglaítear leis na rialacháin, agus go bhfuil taifead á choinneáil ar aon easnaimh atá ann.

16. Bealaí éalaithe

Go bhfuil bealaí éalaithe marcáilte, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme, agus soilsithe, ó na príomhfhoinsí cumhachta agus ó na foinsí éigeandála cumhachta. Na bearta atá á nglacadh chun feithiclí a choinneáil amach ó bhealaí éalaithe i gcás ina bhfuil na bealaí éalaithe sin ag dul trí dheiceanna feithiclí nó á dtrasnú. Nach bhfuil aon bhac á chur ar na bealaí amach, go háirithe bealaí amach as siopaí saor ó dhleacht, a bhfuarthas amach ina dtaobh go raibh siad blocáilte ag barraíocht earraí.

17. Glaineacht sheomra an innill

Go gcoinnítear an seomra innill glan, i gcomhréir leis na nósanna imeachta cothabhála.

18. Diúscairt dramhaíola

Go bhfuil socruithe sásúla ann le deileáil le dramhaíl agus lena diúscairt.

19. Cothabháil phleanáilte

Go bhfuil buanorduithe sonracha ag gach cuideachta, le córas cothabhála pleanáilte le haghaidh gach réimse sábháilteachta lena n-áirítear na doirse i dtosach, i ndeireadh agus ar thaobh an bháid, mar aon lena socruithe dúnta, ach ina gcuimsítear freisin cothabháil an tseomra innill agus an trealaimh sábháilteachta. Go bhfuil pleananna i bhfeidhm chun seiceáil a dhéanamh go tréimhsiúil ar gach mír ionas go gcoinneofaí na caighdeáin sábháilteachta ar an leibhéal is airde. Go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun taifead a choinneáil ar easnaimh agus chun a dhearbhú gur cuireadh easnaimh ina gceart ionas go mbeidh an máistir agus an duine ainmnithe i dtír sa struchtúr bainistíochta cuideachta ar an eolas faoi na heasnaimh agus go dtugtar le fios dóibh nuair a bheidh siad curtha ina gceart laistigh de thréimhse ama a shonraítear. Go bhfuil na nithe seo a leanas sa tseiceáil a dhéantar go tréimhsiúil ar oibriú na socruithe dúnta doirse le haghaidh na ndoirse laistigh agus lasmuigh ag tosach an bháid: na táscairí, trealamh faireachais agus aon scupair sna spásanna idir scáthlán thosach an bháid agus an doras laistigh agus go háirithe na sásraí dúnta doirse agus na córais hiodrálacha bhainteacha.

20. Turas a dhéanamh

Nuair a bheidh turas á dhéanamh ba cheart an deis a thapú seiceáil an bhfuil róphlódú i gceist, lena n-áirítear seiceáil ar infhaighteacht suíochán agus pasáistí, staighrí agus bealaí éalaithe a bheith á mblocáil ag bagáiste agus ag paisinéirí nach bhfuil in ann teacht ar shuíocháin. Is gá a sheiceáil go bhfuil na paisinéirí go léir tar éis deic na bhfeithiclí a fhágáil sula gcuirfear an long chun farraige agus nach mbeidh rochtain acu arís ar an deic go dtí díreach sula dtiocfaidh an long chun cé.

*IARSCRÍBHINN IV*

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Treoir 1999/35/CE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | — |
| Airteagal 2, pointí (a), (b), (d), (e), (f), (g), (h), (j), (m), (n), (o), (r) | Airteagal 2, pointí (1), (2), (3), (4), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12) |
| Airteagal 2, pointí (c), (i), (k), (l), (n), (p), (q), (s) | — |
| Airteagal 3 | Airteagal 1 |
| Airteagal 4 | — |
| Airteagal 5, pointe 1(a) | Airteagal 3 |
| Airteagal 5, pointí (1)(b), (2) | — |
| Airteagal 6 | Airteagal 3 |
| Airteagal 7 | Airteagal 4 |
| Airteagal 8(1) | Airteagal 5(1) |
| Airteagal 8(2) | Airteagal 5(3) |
| Airteagal 8(3) | Airteagal 9(1) |
| Airteagal 9 | Airteagal 6 |
| Airteagal 10(1)(a), (b), (c), | Airteagal 7 |
| Airteagal 10(1)(d) | — |
| Airteagal 10(2) | Airteagal 7 |
| Airteagal 10(3) | Airteagal 8 |
| Airteagal 10(4) | — |
| Airteagal 11(1), (2), (3), (4), (5), (7), (8) | — |
| Airteagal 11(6) | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 13(1), (2), (4), (5) | — |
| Airteagal 13(3) | Airteagal 6(2) agus Airteagal 10 |
| Airteagal 14 | — |
| Airteagal 15 | — |
| Airteagal 16 | — |
| Airteagal 17 | Airteagal 12 |
| Airteagal 18 | Airteagal 11 |
| Airteagal 19 | Airteagal 17 |
| Airteagal 20 | Airteagal 16 |
| Airteagal 21 | Airteagal 18 |
| Airteagal 22 | Airteagal 19 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |